RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2058 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Feabhra 2022

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála ar thréimhsí leachtachta ionchasacha le haghaidh chur chuige malartach na samhla inmheánaí, dá dtagraítear in Airteagal 325bd(7)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 325bd(7), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le modheolaíocht ghinearálta chun fachtóir riosca suímh a mhapáil ar chatagóir fachtóra riosca leathan chun críocha Airteagal 325bd(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart di cur ar chumas institiúidí catagóirí fachtóra riosca leathan agus fochatagóirí fachtóra riosca leathan a fhreagraíonn do na rioscaí atá leabaithe san fhachtóir riosca a shainaithint chun a thréimhse leachtachta ionchasach iomchuí a chinneadh. Ba cheart don mhodheolaíocht ghinearálta a bheith cineálach a dhóthain chun bheith infheidhme maidir le formhór na bhfachtóirí riosca.

(2) I bhfianaise na sainiúlachtaí a bhaineann le fachtóirí áirithe riosca, lena n-áirítear iad siúd nach dtagann faoi aon chatagóir fachtóra riosca leathan i dTábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, d'fhéadfadh torthaí difriúla ar fud na n-institiúidí teacht as an modheolaíocht ghinearálta, i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm ar na fachtóirí riosca sin í, rud a mbeadh easpa comhchuibhithe mar thoradh air agus a bhféadfadh arbatráiste rialála a bheith mar thoradh air. Mar thoradh air sin, is gá an mhodheolaíocht ghinearálta a chomhlánú le rialacha sonracha.

(3) Is táscaire maith é méid ard meánláimhdeachas laethúil glandíorthach ráta úis thar an gcuntar (OTC) maidir le cineál leachtach a n-airgeadraí foluiteacha faoi seach. Is iomchuí, dá bhrí sin, an táscaire láimhdeachais sin a bhreithniú chun na hairgeadraí a shonrú lenar cheart fochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí a chomhdhéanamh sa chatagóir leathan fachtóir riosca ráta úis de Thábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is foinse iontaofa staitisticí é Suirbhé Tríbhliantúil Bhanc Ceannais an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BIS) ar láimhdeachas díorthach ráta úis OTC ([2]) chun meastóireacht a dhéanamh ar láimhdeachas díorthach ráta úis OTC de réir ionstraime agus de réir airgeadra. Chuige sin, agus chun comhsheasmhacht a áirithiú le cleachtais idirnáisiúnta, is iomchuí torthaí an tsuirbhé sin a mheas chun na hairgeadraí lena gcomhdhéantar fochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí a shonrú.

(4) Ar an gcuma chéanna, is táscaire maith é méid ard meánláimhdeachas laethúil glandíorthach malairte eachtraí OTC maidir le cineál leachtach a bpéirí airgeadraí foluiteacha faoi seach. Is iomchuí, dá bhrí sin, an táscaire sin a bhreithniú chun na péirí airgeadraí a shonrú lenar cheart fochatagóir na bpéirí airgeadraí is leachtaí a chomhdhéanamh sa chatagóir leathan fachtóir riosca malairte eachtraí de Thábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is foinse iontaofa staitisticí é Suirbhé Tríbhliantúil Bhanc Ceannais an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BIS) ar láimhdeachas díorthach malairte eachtraí OTC ([3]) chun meastóireacht a dhéanamh ar láimhdeachas na ndíorthach malairte eachtraí OTC de réir ionstraime agus de réir airgeadra. Chuige sin, agus chun comhsheasmhacht a áirithiú le cleachtais idirnáisiúnta, is iomchuí torthaí an tsuirbhé sin a mheas chun na péirí airgeadraí lena gcomhdhéantar fochatagóir na bpéirí airgeadraí is leachtaí a shonrú.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) "Interest rate derivatives market turnover in 2019", [Láimhdeachas margaidh na ndíorthach ráta úis in 2019] Suirbhé Tríbhliantúil Bhanc Ceannais an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta 2019, an Roinn Airgeadaíochta agus Eacnamaíoch.

([3]) "Global foreign exchange market turnover in 2019", [Láimhdeachas domhanda an mhargaidh malairte eachtraí in 2019] Suirbhé Tríbhliantúil Bhanc Ceannais an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta 2019, an Roinn Airgeadaíochta agus Eacnamaíoch.

(5) I bhfianaise éagsúlachta na margaí cothromais san Aontas, is gá caipitliú margaidh beag agus caipitliú margaidh mór a shainmhíniú chun críocha fhochatagóir an phraghais cothromais agus na luaineachta sa chatagóir leathan fachtóir riosca cothromais i dTábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn meascán de dhearbhthairseach agus de thairseach choibhneasta. I bhfianaise an gá atá le comhsheasmhacht le caighdeáin rialála idirnáisiúnta, is iomchuí an dearbhthairseach a bhunú ar an tairseach a bhunaigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht ([4]). Ós rud é go soláthraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646 ón gCoimisiún ([5]) liosta de na príomhinnéacsanna bunaithe ar leachtacht chomhpháirteanna na n-innéacsanna, agus ós rud é go bhfuil an mhodheolaíocht chun an liosta sin a bhunú bunaithe ar chaipitliú margaidh agus ar comhlúthacht shaor, agus ar choinníoll íostairseach leachtachta, is iomchuí an tairseach choibhneasta a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Ba cheart na cothromais sna príomhinnéacsanna a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646, a bhfuil a gcomhpháirteanna uile luaite san Aontas, a bhreithniú mar chothromais a bhfuil caipitliú margaidh mór acu, agus ba cheart gach cothromas eile a bhreithniú mar chothromais a bhfuil caipitliú margaidh beag acu.

(6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(7) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

Fachtóirí riosca a mhapáil

Airteagal 1

Modheolaíocht ghinearálta

1. Agus fachtóirí riosca á mapáil ar na catagóirí fachtóra riosca leathan i dTábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sannfaidh institiúidí gach fachtóir riosca don chatagóir fachtóra riosca leathan is iomchuí, ag féachaint do chineál an riosca arna ghabháil ag an bhfachtóir riosca agus do na sonraí arna n-úsáid mar ionchuir le haghaidh an fhachtóra riosca sa tsamhail tomhais riosca.

Agus fachtóirí riosca á mapáil ar na fochatagóirí fachtóra riosca leathan faoin gcatagóir fachtóra riosca leathan den Tábla sin, sannfaidh institiúidí an fachtóir riosca don fhochatagóir fachtóra riosca leathan is iomchuí den chatagóir fachtóra riosca leathan sin, ag féachaint do chineál an riosca arna ghabháil ag an bhfachtóir riosca agus do na sonraí arna n-úsáid mar ionchuir le haghaidh an fhachtóra riosca sa tsamhail tomhais riosca.

2. Chun críocha mhír 1, i gcás nach bhfreagraíonn cineál an fhachtóra riosca d'aon cheann de na catagóirí fachtóra riosca leathan i dTábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na hinstitiúidí an fachtóir riosca sin a mhapáil ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan "Tráchtearra" den Tábla sin agus ar an bhfochatagóir fachtóra riosca leathan "Cineálacha eile" den chatagóir sin.

3. Chun críocha mhír 1, i gcás fachtóir riosca a d'fhéadfaí a mhapáil ar níos mó ná catagóir fachtóra riosca leathan amháin nó fochatagóir fachtóra riosca leathan amháin, déanfaidh na hinstitiúidí na catagóirí comhfhreagracha agus na fochatagóirí comhfhreagracha uile sin a shainaithint.

([4]) Íoscheanglais chaipitil le haghaidh riosca margaidh, Eanáir 2019 (athbhreithnithe Feabhra 2019).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir leis na príomhinnéacsanna agus na malartáin aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 245, 14.9.2016, lch. 5).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

I measc na gcatagóirí fachtóra riosca leathan sin nó na bhfochatagóirí fachtóra riosca leathan comhfhreagracha sin, déanfar an fachtóir riosca a mhapáil ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan agus ar an bhfochatagóir fachtóra riosca leathan comhfhreagrach a bhfuil an tréimhse leachtachta ionchasach is faide acu.

I gcás ina bhfuil an tréimhse leachtachta ionchasach is faide céanna ag breis agus aon chatagóir fachtóra riosca leathan amháin nó ag an bhfochatagóir fachtóra riosca leathan comhfhreagrach, is féidir an fachtóir riosca a mhapáil ar aon cheann de na catagóirí fachtóra riosca leathan sin agus ar a bhfochatagóirí fachtóra riosca leathan comhfhreagracha.

Airteagal 2

Modheolaíocht shonrach le haghaidh ionstraimí innéacs aonchineálaigh

1. De mhaolú ar Airteagal 1, i gcás ina léiríonn institiúid suíomh in ionstraim innéacs aonchineálaigh mar fhachtóir riosca aonair ina samhail tomhais riosca, féadfaidh an institiúid rogha a dhéanamh an fachtóir riosca a mhapáil i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i mír 2.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh "innéacs aonchineálach" innéacs a bhfuil ceann de na comhdhéanaimh seo a leanas aige:

(a) cothromais nó innéacsanna eile atá comhdhéanta de chothromais amháin;

(b) bannaí nó innéacsanna eile atá comhdhéanta de bhannaí amháin;

(c) babhtálacha mainneachtana creidmheasa nó innéacsanna eile atá comhdhéanta de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa amháin;

(d) tráchtearraí nó innéacsanna eile atá comhdhéanta de thráchtearraí amháin.

2. Tréimhse leachtachta ionchasach fachtóra riosca aonair lena samhaltaítear ionstraim innéacs aonchineálaigh dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh institiúid í a chinneadh mar a leanas:

(a) déanfaidh an institiúid an fachtóir riosca a mhapáil ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan i dTábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a fhreagraíonn don chatagóir iomchuí le haghaidh chomhdhéanamh an innéacs aonchineálaigh;

(b) cuirfidh an institiúid an mhodheolaíocht ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 1 i bhfeidhm ar leithligh ar gach ceann de chomhábhair an innéacs aonchineálaigh chun a dtréimhsí leachtachta ionchasacha iomchuí a chinneadh;

(c) ríomhfaidh an institiúid meán ualaithe na dtréimhsí leachtachta ionchasacha a cinneadh i gcomhréir le pointe (b) ar bhonn ualú faoi seach gach comhábhair san innéacs;

(d) tréimhse leachtachta ionchasach an fhachtóra riosca lena samhaltaítear an ionstraim innéacs aonchineálaigh, sin an tréimhse leachtachta ionchasach is giorra d'fhochatagóirí chomhábhair an innéacs atá níos mó ná an meán ualaithe dá dtagraítear i bpointe (c) nó atá comhionann leis an meán ualaithe dá dtagraítear i bpointe (c).

Chun críocha phointe (a), déanfar fachtóir riosca ionstraime innéacs aonchineálaigh a bhfuil comhdhéanamh aige dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) agus pointe (c), a mhapáil ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan "Raon difríochta creidmheasa".

Airteagal 3

Modheolaíocht shonrach i gcás fachtóirí riosca bolscaireachta, fachtóirí riosca mona-airgeadra-bhunaithe agus fachtóirí riosca trasairgeadra-bhunaithe

1. De mhaolú ar Airteagal 1, déanfaidh institiúidí fachtóirí riosca bolscaireachta i gcás airgeadra ar leith a mhapáil ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan "Ráta úis", agus ar fhochatagóir fachtóra riosca leathan an airgeadra sin.

2. De mhaolú ar Airteagal 1, déanfaidh institiúidí fachtóirí riosca mona-airgeadra-bhunaithe agus fachtóirí riosca trasairgeadra-bhunaithe a mhapáil ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan "Ráta Úis", agus ar fhochatagóir fachtóra riosca leathan an airgeadra lena n-ainmnítear an bonn.

Airteagal 4

Modheolaíocht shonrach i gcás fachtóirí riosca athcheannaigh agus díbhinne

1. De mhaolú ar Airteagal 1 déanfaidh institiúidí rátaí athcheannaigh cothromais agus fachtóirí riosca díbhinne a mhapáil ar an gcatagóir fachtóra riosca leathan "Cothromas".

2. De mhaolú ar Airteagal 1, chun an fhochatagóir fachtóra riosca leathan a chinneadh, caithfear le rátaí athcheannaigh cothromais agus fachtóirí riosca díbhinne i gcás cothromas ar leith mar fhachtóirí riosca a fhreagraíonn do luaineacht an chothromais sin.

CAIBIDIL 2

Fochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí a chinneadh, fochatagóir na bpéirí airgeadraí is leachtaí a chinneadh agus fochatagóirí maidir le caipitliú margaidh beag agus caipitliú margaidh mór a shainmhíniú

Airteagal 5

Fochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí

Is iad na hairgeadraí sin lena gcomhdhéantar fochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí sa chatagóir leathan fachtóir riosca ráta úis de Thábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 na cinn sin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 6

Fochatagóirí na bpéirí airgeadraí is leachtaí

Is iad na péirí airgeadraí sin lena gcomhdhéantar fochatagóir na bpéirí airgeadraí is leachtaí sa chatagóir leathan fachtóir riosca malairte eachtraí de Thábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 na cinn sin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

Caipitliú margaidh beag agus caipitliú margaidh mór a shainmhíniú

1. Chun críocha fhochatagóir an phraghais cothromais agus na luaineachta den chatagóir leathan fachtóir riosca cothromais i dTábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, comhlíonfaidh cothromas a bhfuil caipitliú margaidh mór aige ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá caipitliú margaidh an chothromais níos mó ná EUR 1,75 billiún;

(b) áirítear an cothromas i gceann de na príomhinnéacsanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1646, a bhfuil a chomhpháirteanna uile luaite san Aontas.

2. Gach cothromas eile seachas na cinn sin dá dtagraítear i mír 1, measfar gur cothromais iad a bhfuil caipitliú margaidh beag acu.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Liosta de na hairgeadraí is leachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5

— Euro (EUR);

— Dollar na Stát Aontaithe (USD);

— Punt Steirling (GBP);

— Yen na Seapáine (JPY);

— Dollar na hAstráile (AUD);

— Krona na Sualainne (SEK);

— Dollar Cheanada (CAD).

IARSCRÍBHINN II

Liosta de na péirí airgeadraí dá dtagraítear in Airteagal 6

Chun críoch na hIarscríbhinne seo, úsáidtear na cóid seo a leanas a bhaineann le hairgeadraí:

EUR (Euro), USD (Dollar na Stát Aontaithe), JPY (Yen na Seapáine), GBP (Punt Steirling), CHF (Franc na hEilvéise), CAD (Dollar Cheanada), MXN (Peso Mheicsiceo), CNY (Yuan na Síne), NZD (Dollar na Nua-Shéalainne), RUB (Rúbal na Rúise), HKD (Dollar Hong Cong), SGD (Dollar Shingeapór), TRY (Lira na Tuirce), KRW (Won na Cóiré Theas), SEK (Krona na Sualainne), ZAR (Rand na hAfraice Theas), INR (Rúipí na hIndia), NOK (Krone na hIorua), BRL (Real na Brasaíle), AUD (Dollar na hAstráile), DKK (Krone na Danmhairge), BGN (Lev na Bulgáire), HRK (Kuna na Cróite).

EUR/USD, EUR/JPY, EUR/GBP, EUR/CHF, EUR/CAD, EUR/MXN, EUR/CNY, EUR/NZD, EUR/RUB EUR/HKD, EUR/SGD, EUR/TRY, EUR/KRW, EUR/SEK, EUR/ZAR, EUR/INR, EUR/NOK, EUR/BRL, EUR/AUD.

USD/JPY, USD/GBP, USD/AUD, USD/CAD, USD/CHF, USD/MXN, USD/CNY, USD/NZD, USD/RUB, USD/HKD, USD/SGD, USD/TRY, USD/KRW, USD/SEK, USD/ZAR, USD/INR, USD/NOK, USD/BRL, USD/DKK, USD/BGN, USD/HRK.

JPY/GBP, JPY/CAD, JPY/CHF, JPY/MXN, JPY/CNY, JPY/NZD, JPY/RUB, JPY/HKD, JPY/SGD, JPY/TRY, JPY/KRW, JPY/SEK, JPY/ZAR, JPY/INR, JPY/NOK, JPY/BRL, JPY/DKK, JPY/AUD, JPY/BGN, JPY/HRK.

GBP/AUD, GBP/CAD, GBP/CHF, GBP/MXN, GBP/CNY, GBP/NZD, GBP/RUB, GBP/HKD, GBP/SGD, GBP/TRY, GBP/KRW, GBP/SEK, GBP/ZAR, GBP/INR, GBP/NOK, GBP/BRL, GBP/DKK, GBP/BGN, GBP/HRK.

AUD/CAD, AUD/CHF, AUD/MXN, AUD/CNY, AUD/NZD, AUD/RUB, AUD/HKD, AUD/SGD, AUD/TRY, AUD/KRW, AUD/SEK, AUD/ZAR, AUD/INR, AUD/NOK, AUD/BRL.

CAD/CHF, CAD/MXN, CAD/CNY, CAD/NZD, CAD/RUB, CAD/HKD, CAD/SGD, CAD/TRY, CAD/KRW, CAD/SEK, CAD/ZAR, CAD/INR, CAD/NOK, CAD/BRL.

CHF/MXN, CHF/CNY, CHF/NZD, CHF/RUB, CHF/HKD, CHF/SGD, CHF/TRY CHF/KRW, CHF/SEK, CHF/ZAR, CHF/INR, CHF/NOK, CHF/BRL, CHF/DKK, CHF/BGN, CHF/HRK.

MXN/CNY, MXN/NZD, MXN/RUB, MXN/HKD, MXN/SGD, MXN/TRY, MXN/KRW, MXN/SEK, MXN/ZAR, MXN/INR, MXN/NOK, MXN/BRL.

CNY/NZD, CNY/RUB, CNY/HKD, CNY/SGD, CNY/TRY, CNY/KRW, CNY/SEK, CNY/ZAR, CNY/INR, CNY/NOK, CNY/BRL.

NZD/RUB, NZD/HKD, NZD/SGD, NZD/TRY, NZD/KRW, NZD/SEK, NZD/ZAR, NZD/INR, NZD/NOK, NZD/BRL.

RUB/HKD, RUB/SGD, RUB/TRY, RUB/KRW, RUB/SEK, RUB/ZAR, RUB/INR, RUB/NOK, RUB/BRL.

HKD/SGD, HKD/TRY, HKD/KRW, HKD/SEK, HKD/ZAR, HKD/INR, HKD/NOK HKD/BRL.

SGD/TRY, SGD/KRW, SGD/SEK, SGD/ZAR, SGD/INR, SGD/NOK, SGD/BRL.

TRY/KRW, TRY/SEK, TRY/ZAR, TRY/INR, TRY/NOK, TRY/BRL.

KRW/SEK, KRW/ZAR, KRW/INR, KRW/NOK, KRW/BRL.

SEK/ZAR, SEK/INR, SEK/NOK, SEK/BRL.

ZAR/INR, ZAR/NOK, ZAR/BRL.

INR/NOK, INR/BRL.

NOK/BRL.